# AG DUL Ó NEART GO NEART

Comhaontú nua seirbhíse poiblí, 2021-2022

# Clár an Ábhair

**1. Seirbhísí poiblí ardchaighdeáin a sholáthar le linn géarchéime ..... 2**
1.1 Comhthéacs geilleagrach agus fioscach ..... 2
1.2 Tacú leis an tsochaí agus an geilleagar ..... 2
1.3 Leanúint leis an dul chun cinn a dhéanamh d'athchóiriú ..... 4
1.4 An fhéidearthacht go n-athróidh an teicneolaíocht soláthar seirbhíse ó bhonn ..... 6
1.5 Rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú ..... 6
1.6 Cur i bhfeidhm agus tuairisciú ..... 8
**2. Bealach nua chun dul i ngleic le saincheisteanna earnála: margáil earnála ..... 9**
2.1 Léargas Ginearálta ar an bpróiseas ..... 9
2.2 An Próiseas um chur i bhfeidhm ..... 9
2.3 Oibriú an chiste ..... 10
2.4 Nósanna imeachta a chomhlíonadh agus síocháin thionsclaíoch a chothú ..... 11
**3. Pá ..... 12**
**4. Comhaontú Bhóthar Haddington agus ceisteanna eile ..... 13**
4.1 Ragobair agus préimheanna ..... 13
4.2 Uaireanta oibre breise ..... 13
4.3 Múinteoirí nua iontrálaí ..... 14
**5. Easaontuithe a réiteach agus síocháin thionsclaíoch a chinntiú ..... 15**
5.1 Prionsabail threoracha ..... 15
5.2 Rannpháirtíocht áitiúil ..... 15
5.3 Grúpa an Chomhaontaithe Seirbhíse Poiblí ..... 16
5.4 An Comhlacht Tríthaobhach um Chur i bhFeidhm ..... 17
5.5 Comhlíonadh ..... 17
5.6 Éilimh Mhéadaithe Costais ar Bith ..... 18
5.7 Athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhaontú ..... 18
**AGUISÍN: Príomhghnéithe chlár athchóirithe an Rialtais ..... 19**

# 1. Seirbhísí poiblí ardchaighdeáin a sholáthar le linn géarchéime

## 1.1 Comhthéacs geilleagrach agus fioscach

1.1.1 Thit an plé amach ónar eascair an Comhaontú seo faoi chúinsí dúshlánacha geilleagracha agus fioscacha, i dtírdhreach arbh iad dúshláin Brexit agus éigeandáil sláinte poiblí COVID-19 na príomhdhúshláin a bhí romhainn.

1.1.2 Ba shuntasach do dhrochthorthaí geilleagracha COVID-19. Ní dhearnadh a mhacasamhail riamh d'infheistíocht i seirbhísí sláinte agus poiblí eile, bearta coimirce sóisialaí agus tacaíochtaí gnó mar fhreagairt don éigeandáil. I measc na ndúshlán suntasach fioscach agus geilleagrach atá roimh an tír, tá an méid seo a leanas:

- Tá easnamh suntasach in 2020 i ndán don Stát, agus meastar go dtiocfaidh crapadh ar an ngeilleagar mar thoradh ar an iomaí srian atá ar ghníomhaíocht gheilleagrach ar ghá iad a chur i bhfeidhm chun tionchair shláinte na paindéime a íoslaghdú.

- Cé gurbh ionann dífhostaíocht mhíosúil agus 4.7% i Samhain 2019, d'fhéadfadh tomhas nua coigeartaithe COVID-19 ar dhífhostaíocht a thabhairt le fios gurbh ionann é agus ráta 21% i Samhain 2020 dá ndéanfaí éilitheoirí uile Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime a rangú mar dhaoine dífhostaithe.

- Meastar gurb ionann a bheidh an bille pá seirbhíse poiblí iomlán agus €23.5 billiún faoi dheireadh 2021. Is ionann seo agus méadú €5.6 billiún nó 32% ó 2017, a thugann roinnt tosca le fios.

1.1.3 In aghaidh an chúlra seo, cuireann an Comhaontú seo síneadh leis an gcreat comhaontuithe seirbhíse poiblí, an ceann is déanaí san áireamh (Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020), agus tá roinnt cuspóirí aige:

- Tacú le straitéisí níos fairsinge chun téarnamh geilleagrach iar-COVID-19 a bhaint amach.

- Cinnteacht agus cobhsaíocht a sholáthar don Rialtas, seirbhíse poiblí agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí i gcaitheamh shaolré an Chomhaontaithe.

- Timpeallacht chómhargála a bhunú, i ndiaidh shrianta ré BAÉLP agus phaindéim COVID-19.

- Leanúint leis an dul chun cinn a dhéanamh atá á dhéanamh ag athchóiriú agus athrú a mbeidh an tseirbhís phoiblí ina heiseamláir de i rith na héigeandála sláinte poiblí seo.

## 1.2 Tacú leis an tsochaí agus an geilleagar

1.2.1 Tá na páirtithe leis an gComhaontú seo tiomanta d'fhorbairt agus d'fheabhsú seirbhísí poiblí a fhorbairt go leanúnach chun freastal ar riachtanais athraitheacha saoránach, phobal, ghnólachtaí agus na foirne a sholáthraíonn seirbhísí poiblí.

1.2.2 Cuireadh bearta chun seirbhísí poiblí a athchóiriú agus a nuachóiriú san áireamh i ngach comhaontú seirbhíse poiblí roimhe seo. Ach léiríodh ní ba mhó tiomantais, solúbthachta,

obair dhian agus lúfaireachta i soláthar seirbhíse i measc an réimse seirbhísí sibhialta agus poiblí i rith ghéarchéim COVID-19 2020 ná mar a léiríodh roimh seo. I measc na samplaí tá (i measc samplaí eile):

- Foireann a d'aistrigh, ar gearrfhógra, go ról nua, díriú ar rianú teagmhálaithe san earnáil sláinte, san áireamh.

- Foireann seirbhíse sláinte a imlonnú lena gcomhaontú chun sainchonairí cliniciúla cúraim a chur i bhfeidhm agus a sholáthar láithreach bonn faoi chúinsí dúshlánacha ar fud an chórais sláinte poiblí agus tacú le seirbhísí san earnáil phríobháideach freisin.

- Foireann sláinte a athshannadh ar bhealach eagraithe agus lena gcomhaontú chun freastal ar an éileamh seo ar sheirbhísí i measc suíomhanna ospidéil agus láithreacha tíreolaíocha.

- Modhanna nuálacha d'idirghníomhú othar/teaghlaigh a chur chun feidhme faoi chúinsí an-dúshlánacha.

- Freagairt chomhordaithe beartais agus gnímh ón Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann; Bunaíodh Comh-Thascfhórsa (CTF) chun rannchuidiú Óglaigh na hÉireann leis an bpaindéim a chomhordú inar tugadh tacaíocht do Ghníomhaireachtaí Sibhialta éagsúla san iarracht náisiúnta, an méid seo a leanas ina measc: rianú teagmhálaithe, ionad tástála a bhunú agus foireann a sholáthar dóibh, tástáil maipíní, tacaíocht lóistíochtúil a sholáthar, othair a iompar agus trealamh cosanta pearsanta a iompar. Rinneadh aonaid Chosanta Sibhialta a chur chun feidhme agus a chur i ngníomh ar fud na tíre i gcomhthráth, i gcomhar le húdaráis áitiúla.

- Teagasc scoile agus tríú leibhéal a sholáthar ar bhealaí nua, ar líne san áireamh, laistigh de thréimhse an-ghearr ama, le leanúnachas na foghlama a chinntiú do scoláirí, agus an córas grádaithe ríofa a éascú do scrúdú na hArdteistiméireachta, i rith na bliana acadúla deireanaí. Rinneadh an filleadh ar sheomraí ranga i Meán Fómhair a bhainistiú agus a sholáthar ansin le dúthracht lena chinntiú go n-oibrítear scoileanna agus coláistí go sábháilte agus gur féidir leo fanacht ar oscailt.

- Tugadh roinnt mhaith réitigh dhigiteacha isteach go mear ar fud na seirbhíse poiblí, ar nós an mhéid seo a leanas:
    - Uirlis físchomhdhála 'Freastal Áit ar Bith ('Attend Anywhere') lena chur ar chumas gairmithe sláinte leanúint ag casadh le hothair go fíorga i rith COVID-19.
    - Soláthraíodh oiliúint agus foghlaim ar mhodhanna fíorga agus ríomhfhoghlama lena leanúint le seirbhísí poiblí bunriachtanacha a sholáthar i dtimpeallacht oibre cumaisc.
    - Tháinig daoine os comhair na Cúirte agus cuireadh éisteachtaí a bhain le cearta agus próisis réitigh díospóide ar bun trí theicneolaíocht dhigiteach.
    - Leanadh le seirbhísí earcaíochta digití a sholáthar lena chinntiú gur leanadh le hearcaíocht a dhéanamh i bpríomhlimistéir thúslíne.
    - Baineadh úsáid fhorleathan as ríomhordú.

- Thug an Roinn Coimirce Sóisialaí seirbhísí breise isteach, ar nós Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime (ÍDP) agus íocaíocht Sochair Breoiteachta Bhreisithe COVID-19, agus próiseáladh íocaíochtaí do líonta móra daoine a ndearnadh difear dóibh i rith na géarchéime (eisíodh 12 milliún íocaíocht do 800,000 duine faoi Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime ó Mhárta).

- Dearadh agus cuireadh an Scéim Fóirdheontais Fostaíochta i bhfeidhm go mear, agus cláraíodh breis agus 41,000 fostóir, a chabhraigh le go leor post a chosaint.

- Chuir Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta tacaíochtaí breise ar fáil d'íospartaigh foréigin baile.

- Lena chinntiú gur leanadh le seirbhísí agus tacaíochtaí a chur ar fáil, chuir an Garda Síochána uainchlár teagmhais i bhfeidhm go mear ag tús ghéarchéim COVID-19.

- Chuir an Garda Síochána cur chuige nua foghlama ar líne i bhfeidhm lena chinntiú gur leanadh leis an gClár Bunoiliúna a sholáthar do ghardaí, Ardán Bainistíochta Foghlama a fhorbairt san áireamh, agus rinneadh seo uile laistigh de tréimhse ghearr ama.

- Bunaíodh fóraim ghlao pobail ar leibhéal údaráis áitiúil a bhfuil línte cabhrach agus struchtúir chomhordaithe tiomnaithe acu agus a oibríonn an fhoireann a rinneadh a ath-imlonnú ó áiteanna fud fad na limistéar seirbhíse údaráis áitiúil.

1.2.3 D'aithin fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus a n-ionadaithe tromchúise, scála agus aonaracht na géarchéime. Rinneadh ardmhéid comhairliúcháin agus comhoibriú idir ionadaithe bainistíochta agus foirne. Anuas ar éiteas láidir seirbhíse poiblí na hÉireann, a spreag freagairtí thiomanta agus diongbháilte don ghéarchéim i measc státseirbhíseach agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí, bhuntacaigh an cur chuige comhairliúcháin seo le comhoibriú agus freagairtí meara d'éilimh agus d'athruithe suntasacha.

## 1.3 Leanúint leis an dul chun cinn a dhéanamh d'athchóiriú

1.3.1 Léirítear sa Chomhaontú seo gealltanas a rinne na páirtithe chun an móiminteam seo d'athrú a shaothrú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phráinneacha a thiocfaidh aníos i saolré an Chomhaontaithe, agus chun ullmhú do dhúshláin amach anseo. Áirítear leo seo:

- Leanúint leis an bhfreagairt seirbhíse poiblí do COVID-19, dul i gcomhairle agus ullmhú a dhéanamh do vacsaíní a dháileadh go sábháilte agus go rialaithe, agus chun filleadh ar ghnáthsholáthar seirbhísí sláinte ar chuir an gá a bheith le freagairt don phaindéim isteach orthu.

- A chinntiú gur lean na scoileanna a bheith ar oscailt go sábháilte agus go dtéitear i ngleic le dúshláin san fhoghlaim a d'fhéadfadh teacht aníos i measc leanaí i rith na géarchéime.

- An fhreagairt náisiúnta do Brexit a bhainistiú, a chruthóidh dúshláin ollmhóra i measc ranna státseirbhíse agus gníomhaireachtaí Stáit.

- Freastal ar chianoibriú, nuair is féidir, sa chás gur cuí, ar aon dul le Clár an Rialtais agus an tseirbhís phoiblí a bhunú mar sheirbhís a chuireann dea-chleachtas chun cinn sa limistéar seo.

- Dul i ngleic leis na dúshláin a chruthaíonn digitiú agus teicneolaíochtaí nua eile sa tseirbhís phoiblí, an gá san áireamh atá le hathoiliúint a chur ar lucht saothair ardfheidhmíochta, agus é a earcú agus a fhorbairt.

- Seirbhís phoiblí lúfar a chothú atá freagrúil do riachtanais athraitheacha saoránach, phobal agus ghnólachtaí.

1.3.2 I gcomhréir le Clár an Rialtais, tá mar chuspóir ag an gComhaontú seo spiorad lúfaireachta agus soláthair seirbhíse poiblí a chothú a léiríodh i rith ghéarchéim COVID-19, le comhoibriú idir bainisteoirí seirbhíse poiblí agus ionadaithe foirne, seirbhísí poiblí feabhsaithe, comhaontú ar athruithe dearfacha oibre, agus torthaí intomhaiste.

1.3.3 Aithníonn na páirtithe go gcuireann soláthairtí forleathana iar-chomhaontuithe seirbhíse poiblí creat cuimsitheach cumasaithe ar fáil le haghaidh athchóiriú. Agus an Comhaontú seo á dhéanamh, athdhearbhaíonn na páirtithe forálacha na gcomhaontuithe siúd, Caibidil 2 den chomhaontú is déanaí, Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020 san áireamh, an áit a mbaineann sé le agus a dtagraíonn sé d’iar-chomhaontuithe ina measc. Leanfaidh an creat cumasaithe seo ag tacú le príomhphleananna/príomhthionscnaimh an Rialtais a sholáthar ar leibhéal náisiúnta faoi mar a leagtar amach san Aguisín.

1.3.4 Áirítear le clár athchóirithe an Rialtais, ach níl sé teoranta dó, Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí a bheidh ag teacht aníos. Leagtar amach straitéis 10 mbliana d’athchóiriú sa Phlean, a thiocfaidh i gcomharbacht ar *Ár Seirbhís Phoiblí 2020: Creat Forbartha agus Nuálaíochta*, agus cuirfidh sé eolas ar fáil do chur chuige na bpáirtithe.

1.3.5 Tá na páirtithe leis an gcomhaontú seo tiomanta do leanúint leis an gcomhoibriú maidir le solúbthacht agus athrú chun tacú le freagairtí éifeachtacha do na dúshláin a chruthaíonn COVID-19. Comhaontaíonn na páirtithe leis an ngá atá le súil a chaitheamh ar bhealaí eile, seachas na gnáthbhealaí oibre, nuair is gá agus is cuí, agus chun athrú a bhainistiú le seirbhísí poiblí ardchaighdeáin agus ardfheidhmíocht a chinntiú, agus a chinntiú go ndéantar scileanna agus inniúlachtaí foirne a chothú agus a fhorbairt, agus a chinntiú go soláthraítear torthaí intomhaiste don phobal. Áirítear leis seo:

- Díriú ar thorthaí feabhsaithe i dtaobh conas a dhéanann saoránaigh idirchaidreamh le seirbhísí poiblí agus an t-eispéireas a bhíonn acu díobh.

- Cainéil fheabhsaithe soláthair.

- Solúbthacht níos fearr agus comhordú agus pleanáil fheabhsaithe traseagraíochta chun an t-ualach riaracháin a laghdú ar shaoránaigh.

- Bealaí nua oibre agus chun seirbhísí a sholáthar don phobal, agus cuir chuige chomhroinnte i leith feidhmeanna cúloifige a thabhairt isteach.

- Infheistíocht a dhéanamh i bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí agus cur le scileanna inniúlachta, cumais agus ceannaireachta, lena chur ar chumas na seirbhíse poiblí freagairt do dhúshláin amach anseo.

## 1.4 An fhéidearthacht go n-athróidh an teicneolaíocht soláthar seirbhíse ó bhonn

1.4.1 Trí fhorálacha an Chomhaontaithe seo, comhaontaíonn na páirtithe chun úsáid na teicneolaíochta a chothú níos mó agus níos mó tacaíochta a thabhairt dó trí:

- Idirchaidreamh a dhéanamh le teicneolaíocht, bogearraí, feidhmchláir ghuthán póca agus uirlisí eile nua agus atá ag teacht chun cinn ar bhealaí atá táirgiúil d'fhostaithe, fostóirí, agus an pobal.

- Próisis agus nósanna imeachta beachtaithe, cianoibriú faoi mar is cuí, athruithe chun próisis a uathoibriú nó a athdhearadh chun tacú le córais nua a thabhairt isteach san ionad oibre, agus athruithe a thabhairt isteach a eascraíonn as soláthar méadaithe digiteach seirbhísí.

- Uasoiliúint agus athoiliúint a chur ar an bhfoireann earnála de réir mar a thagann athrú ar phoist agus róil agus próisis ghaolmhara. Beidh dlúthcheangal idir é seo agus bainistíocht feidhmíochta agus áireofar leis inniúlachtaí a fhorbairt sna limistéir seo a leanas: ardteicneolaíochtaí agus teicneolaíochtaí atá i mbun forbartha, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), bainistíocht acmhainní daonna (BAD), córais bhainistíochta airgeadais, bainistíocht tionscadal, cumarsáid, anailísíocht sonraí, soláthar, oiliúint mhíleata, agus ceanglais dlí agus rialála.

## 1.5 Rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú

1.5.1 Aithníonn na páirtithe, i limistéir áirithe sholáthair seirbhíse poiblí, go bhfuil éileamh ann i measc an phobail ar theacht níos fearr ar sheirbhísí, teacht méadaithe ina measc sin ar sheirbhísí lasmuigh de ghnáthuaireanta an chloig. Aithníonn na páirtithe an gá atá le rannpháirtíocht maidir le solúbthacht chun freastal ar riachtanais athraitheacha an phobail, agus chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse agus táirgiúlacht. Glacfaidh na páirtithe páirt réamhghníomhach, ar an ábhar sin, i measc na dtrí limistéar seo a leanas:

1.5.2 ***(1) Cleachtais oibre a athchóiriú chun lúfaireacht agus freagrúlacht a mhéadú***

- Aithníonn na páirtithe an gá atá le cur le feabhsúcháin a rinneadh roimhe seo, agus chun leanúint le nuachóiriú a dhéanamh lena chinntiú go n-eagraítear obair ar an mbealach is fearr a léiríonn riachtanais úsáideoirí seirbhíse.

- Nuair is gá, mar fhreagairt d'éileamh poiblí, d'fhéadfaí a áireamh le socruithe oibre d'fhoirne uaireanta oscailte sínte do sheirbhísí a phléann go díreach leis an bpobal, chun seirbhísí méadaithe agus a bhfuil teacht níos mó orthu a sholáthar don phobal. Nuair a dhéantar riachtanais a shainaithint, déanfaidh páirtithe idirchaidreamh maidir le hamanna tosaithe

agus críochnaithe chun freastal ar riachtanais ghnó lena chinntiú go soláthraítear seirbhísí ar bhealach cost-éifeachtúil.

1.5.3 ***(2) Inniúlacht a mhéadú trínár gcórais earcaíochta agus acmhainní daonna***

- Déanfaidh an fhoireann gluaiseacht níos mó foirne ar fud na seirbhíse poiblí, áit ar gá é seo a dhéanamh lena chinntiú go soláthraítear seirbhísí poiblí ardchaighdeáin. Sa chás go bhfuil seo infheidhme faoi láthair, leanfaidh an fad ath-imlonnaithe a mholtar a bheith 45 km ón láthair reatha oibre nó ón seoladh baile, pé ceann é an chomaitéireacht is giorra. Ní chuirfear aon fhad ath-imlonnaithe i bhfeidhm, áfach, nuair atá fostaí ag cianoibriú den chuid is mó (agus a fhad agus go leanann siad ag oibriú). Déanfaidh na páirtithe idirchaidreamh ag féachaint le treoirlínte a fhorbairt maidir leis an tsaincheist seo.

- Ag foghlaim ón eispéireas a bhí i gceist le déanaí, oibreoidh na páirtithe chun comhaontú a dhéanamh ar mheicníochtaí chun foireann a shannadh go sealadach chun freastal ar éilimh ríthábhachtacha de réir mar a thagann siad chun solais. Cabhróidh seo lena chinntiú go mbíonn freagairt mhear d'éilimh ríthábhachtacha agus do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, seirbhísí a sholáthar ina measc a theastaíonn i rith tréimhsí géarchéime.

- Tacóidh na páirtithe go hiomlán le beartais agus nósanna imeachta leasaithe acmhainní daonna agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad agus cloífidh siad le prionsabail um shimpliú próisis, éifeachtúlachtaí méadaithe, caighdeánú agus uathoibriú ina measc, agus cloí le dea-chleachtas fostaíochta agus ceanglais reachtaíochta ghaolmhara.

- Déanfaidh an Roinn Oideachas, i gcomhairle le Fórsa, athbhreithniú ar cibé acu an gá nó nach gá an conradh riachtanais speisialta oideachais (RSO) reatha, úsáid chuí a bhaint as na 72 uair an chloig atá faoi chonradh san áireamh, a nuashonrú i gcomhthéacs athchóiriú leanúnach i limistéar oideachas speisialta san earnáil agus athruithe ar an dlí fostaíochta.

1.5.4 ***(3) Roghanna solúbtha soláthair seirbhíse a uasmhéadú***

- Bainfear úsáid uasta as samhlacha nuálacha agus solúbtha soláthair seirbhíse ag a bhfuil díriú ar thorthaí.

- Athdhearbhaíonn na páirtithe a dtiomantas don úsáid chuí a bhaint as saothar díreach, nuair a bhíonn sé ar aon dul le soláthar seirbhíse poiblí éifeachtach agus éifeachtúil.

- Leanfaidh na forálacha a bhaineann le comhaontuithe seirbhíse poiblí a rinneadh le déanaí a bhaineann le soláthar seirbhíse seachtrach a bheith i bhfeidhm.

- Aithníonn na páirtithe gur cuí clárúcháin le haghaidh printíseacht agus cúrsaí oiliúna seirbhíse poiblí a mhéadú. Comhaontaítear leis go dtiocfaidh fairsingiú incriminteach, ar bhonn earnála, ar líonta printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna. Tabharfar faoi mheasúnú ar riachtanais daonchumhachta agus déanfar poist oiriúnacha inbhuanaithe a shainaithint laistigh de 24 mí. Comhaontaítear freisin go ndéanfar monatóireacht ar chlárú do phrintíseachtaí agus cúrsaí oiliúna san earnáil phoiblí i rith thréimhse an Chomhaontaithe i ngach earnáil ar bhealach lena gcomhaontaíonn na páirtithe earnála. Tabharfar aird, ina

theannta sin, san earcaíocht agus sa roghnú a dhéanfar do na poist siúd ar dhífhostaíocht óige agus ar riachtanais saothair áitiúla.

- Comhaontaíonn na páirtithe leis gur cheart go mbeadh an teacht ba mhó ar chothromaíocht oibre is saoil agus socruithe a thacaíonn le teaghlaigh, oibriú solúbtha agus socruithe eile ina measc, ar fud na seirbhíse poiblí ar aon dul le riachtanais ghnó agus soláthar seirbhíse agus cur i bhfeidhm áitiúil.

## 1.6 Cur i bhfeidhm agus tuairisciú

1.6.1 Forbrófar pleananna gníomhaíochta atá nasctha leis an gclár athchóirithe a dtugtar cuntas air níos luaithe sa Chaibidil seo do gach earnáil sa tseirbhís phoiblí agus forbróidh an bhainistíocht earnála é i gcomhairle le ceardchumainn agus cumainn ionadaíocha i ngach ceann de na struchtúir ábhartha earnála um chur i bhfeidhm agus tuairisciú.

1.6.2 Bunófar sna pleananna seo cuspóirí, bunspriocanna inghnóthaithe agus amlínte, agus seolfar iad faoi bhráid Ard-Rúnaí na Roinne ábhartha faoin 31 Márta 2021. Foilseoidh an Roinn ábhartha pleananna.

1.6.3 Tuairisceoidh an bhainistíocht earnála ina dhiaidh sin, i gcomhairle le ceardchumainn agus cumainn ionadaíocha i struchtúir ábhartha earnála mhaoirseachta nó chomhionanna um chur i bhfeidhm agus tuairisciú.

- Soláthar an phlean gníomhaíochta earnála, ina dtugtar eolas mionsonraithe faoi sholáthar dul chun cinn.

- Forálacha tionsclaíocha síochána an Chomhaontaithe seo a chomhlíonadh.

1.6.4 Cuirfidh an tArd-Rúnaí na tuairiscí seo faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar a laghad mí amháin sula dtiocfaidh an mhéadú sceidealaithe ar phá faoin gcomhaontú seo. Foilseoidh na Ranna ábhartha tuairiscí.

1.6.5 Déanfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus oifigigh Choiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann nó cheardchumann nó chumann ionadaíoch eile, faoi mar is cuí, comh-mhaoirseacht ar na socruithe foriomlána.

# 2. Bealach nua chun dul i ngleic le saincheisteanna earnála: margáil earnála

## 2.1 Léargas Ginearálta ar an bpróiseas

2.1.1 Bunófar Ciste Margála Earnála a leithdháilfear laistigh d'earnálacha faoin gComhaontú seo. Is é cuspóir phróiseas an Chiste Margála Earnála déileáil le breithnithe, gealltanais, moltaí, dámhachtainí agus éilimh nach bhfuil réitithe go fóill laistigh de théarmaí an Chiste agus laistigh de theorainn chistithe an Státchiste atá i bhfeidhm. Déanfar gach fostaí sa tseirbhís phoiblí atá cumhdaithe ag an gComhaontú a chuimsiú sa phróiseas seo.

2.1.2 Chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá leis an Státchiste a chosaint agus dul i ngleic le brúphointí faoi mar shainaithin ceardchumainn agus cumainn ionadaíocha, leithdháilfear candam costais a léireofar mar 1% den bhunphá[1] ar an gCiste seo. Beidh éilimh phá atá bunaithe ar ghrád agus earnáil agus breithnithe agus dámhachtainí nár cuireadh i gcrích go fóill le réiteach laistigh den phróiseas seo.

2.1.3 Ar aon dul le bainistíocht earnála, beidh an rogha ag gach Aonad Margála Earnála nó ceardchumann / cumann ionadaíoch chun roinnt den Chiste Margála Earnála nó an Ciste Margála Earnála go léir a úsáid chun dul i ngleic le héilimh a bhaineann leis an bpróiseas (de réir 2.3.3 thíos) nó, ina mhalairt de chás, lena roghnú go n-úsáidtear na cistí atá i gceist mar bhabhta pá earnála.

2.1.4 Ní dhéanfar aon bhreithniú ar éilimh earnála nó ghrádbhunaithe ar fheabhas a chur ar phá agus ar dhálaí i dtaobh próiseála lasmuigh de phróiseas an Chiste Margála Earnála seo i gcaitheamh shaolré an Chomhaontaithe seo. Dá réir, rachfar i ngleic le gach comhaontú a bhaintear amach faoi Chaibidil seo an Chomhaontaithe i gcomhréir le 2.3.4 thíos.

2.1.5 Nuair a roghnaíonn Aonad Margála Earnála an Ciste a úsáid chun babhta pá earnála a sholáthar, comhaontaíonn an ceardchumann/na ceardchumainn/an cumann ionadaíoch/na cumainn ionadaíocha atá faoi chuimsiú an Aonaid Mhargála Earnála sin nach féidir leo aon éilimh ghráid nó phá nó a bhaineann le pá a dhéanamh maidir leis an earnáil sin ar feadh fhad an Chomhaontaithe seo, agus amhlaidh á dhéanamh acu.

## 2.2 An Próiseas um chur i bhfeidhm

2.2.1 Is éard a bhainfidh leis an gcéad chéim ná plé idir an bhainistíocht earnála agus ceardchumainn/cumainn ionadaíocha, i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus oifigigh Choiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann, faoi mar is cuí, chun Aonaid Mhargála Earnála, ina bhfuil grúpaí, gráid nó catagóirí fostaithe sa tseirbhís phoiblí laistigh de gach earnáil (e.g. altranas) a shainaithint go hiomlán agus comhaontú a dhéanamh orthu. Déanfar soláthar do shocruithe trasearnála, sa chás gur cuí (e.g., gráid atá

[1] Is éard is ciall le bunphá inphinsin bunphá, liúntais san áireamh a bhaineann le pá, ar liúntais sheasta thréimhsiúla inphinsin agus pá préimhe inphinsin iad.

le sonrú in earnáil amháin nó níos mó). Titfidh plé amach lena chinntiú go ndéanann an lucht éagsúil bainistíochta earnála agus ceardchumainn/cumainn ionadaíoch comhaontú tapa ar liostaí cuimsitheacha, aon ghráid nua ina measc. Déanfaidh na páirtithe ar leibhéal comhlacht maoirseachta earnála (nó a chomhionann) ag na hAonaid Mhargála Earnála a n-ainmneacha a chur le hAonaid Mhargála Earnála Deiridh faoi **dheireadh Feabhra 2021.**

2.2.2 Déanfaidh bainistíocht earnála agus ceardchumainn ábhartha nó cumainn ionadaíocha idirchaidreamh maidir leis an mbaint a bheidh ag an gCiste Margála Earnála i gcás gach Aonaid Mhargála a shainaithnítear agus cuirfear an t-idirchaidreamh seo chun críche **tráth nach déanaí ná deireadh Mhárta 2021**.

2.2.3 Beidh bainistíocht earnála freagrach as idirchaidreamh a dhéanamh le ceardchumainn agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sula dtabharfar tograí chun críche. Caithfear an obair a dhéanann na páirtithe ar na tograí a bheith curtha i gcrích **faoi dheireadh Mheithimh 2021**. Cuirfear tograí, iad siúd ina measc ina gcuirtear an rogha babhta pá earnála ar fáil, faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena bhfíorú.

2.2.4 Is amhlaidh a bheidh an dáta íocaíochta faoin gCiste Margála Earnála faoi mar a leagtar amach é i gCaibidil 3.

## 2.3 Oibriú an chiste

2.3.1 Ní bheidh sé indéanta an candam a mhéadú a leithdháiltear ar an gCiste Margála Earnála trí thograí le haghaidh coigilteas/bearta táirgiúlachta.

2.3.2 Comhaontaíonn na páirtithe leis nach féidir leis an bpróiseas seo bheith mar chúis le torthaí méadaitheacha neamhbheartaithe costais a mhéadódh costais an Státchiste os cionn an chandaim a leithdháiltear.

2.3.3 Fágfar saincheisteanna de chineál trasearnála atá dírithe ar théarmaí agus coinníollacha áirithe a chaighdeánú i measc grád agus earnálacha den tseirbhís phoiblí ón idirbheartaíocht earnála sin, an méid seo a leanas ina measc:

- Rátaí ragoibre.
- Uaireanta freastail seachtainiúla.
- Teidlíochtaí bliantúla agus saoire bhreoiteachta.
- Socruithe pinsin.

2.3.4 I gcásanna nach féidir dul i ngleic go hiomlán le saincheisteanna a shainaithnítear laistigh den Chiste Margála Earnála:

- Comhaontóidh na páirtithe le cén gnéithe nó codanna atá le cur i bhfeidhm laistigh den Chiste lena gcomhaontaítear.

- Nuair nach dtéitear i ngleic go hiomlán nó go páirteach le saincheisteanna, caithfear dul i ngleic leis na gnéithe neamhréitithe seo nach ndeachthas i ngleic leo i gCiste Margála Earnála amach anseo mar chuid den chéad Chomhaontú.

## 2.4 Nósanna imeachta a chomhlíonadh agus síocháin thionsclaíoch a chothú

2.4.1 Beidh téarmaí an Chomhaontaithe le comhlíonadh go hiomlán má ghlacann an ceardchumann nó an cumann ionadaíoch atá i gceist páirt i bpróiseas an Chiste Margála Earnála, comhoibriú ina measc, agus gné thábhachtach é seo, leis na nósanna imeachta réitigh díospóide agus síocháin thionsclaíoch a chothú.

2.4.2 Nuair nach réitítear saincheisteanna ag idirbheartaíocht earnála, leanfaidh na páirtithe an próiseas réitigh díospóide a leagtar amach i gCaibidil 5 den Chomhaontú.

2.4.3 Cuirfear deireadh le rannpháirtíocht sa phróiseas agus lena thoradh a chur i bhfeidhm i gcás aon ghrúpa a thugann faoi ghníomhaíocht thionsclaíoch maidir le ceisteanna atá cumhdaithe ag an gComhaontú seo.

# 3. Pá

3.1.1 Síneadh le hiar-chomhaontuithe seirbhíse poiblí atá sa Chomhaontú seo, Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020 san áireamh. Leagtar amach sa Chaibidil seo an cur chuige lena gcomhaontaítear i leith pá seirbhíse poiblí don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2022.

3.1.2 Bíonn forálacha iar-chomhaontuithe i bhfeidhm, seachas nuair a dhéantar iad a athrú sa Chomhaontú seo.

3.1.3 Beidh na coigeartuithe pá seo a leanas i gceist i rith thréimhse an Chomhaontaithe seo:

- Méadú ginearálta babhta 1% nó €500, pé ceann is mó, ar bhuntuarastal bliantúlaithe do gach fostaí sa tseirbhís phoiblí, an 1 Deireadh Fómhair 2021.

- Úsáidfear méadú comhionann le 1% ar bhuntuarastail bhliantúlaithe mar Chiste Margála Earnála, i gcomhréir le Caibidil 2 den Chomhaontú seo, an 1 Feabhra 2022.

- Méadú ginearálta babhta 1% nó €500, pé ceann is mó, ar bhuntuarastal bliantúlaithe do gach fostaí sa tseirbhís phoiblí, an 1 Deireadh Fómhair 2022.

3.1.4 Nuair atá méid áirithe d’athshlánú pá le híoc le duine aonair faoi Iúil 2021 faoi Alt 19 nó faoi Iúil 2022 faoi Alt 20 den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, ní bhainfidh siad tairbhe as an méadú babhta ginearálta an bhliain sin. Nuair is lú méid an athshlánaithe sin ná an méadú babhta ginearálta, beidh an duine aonair i dteideal t-iarmhéid a fháil ar dháta an mhéadaithe babhta ghinearálta.

# 4. Comhaontú Bhóthar Haddington agus ceisteanna eile

Aithníonn agus glacann na páirtithe leis an gComhaontú seo leis go meastar gur ceisteanna neamhréitithe iad bearta áirithe a tugadh isteach faoi "Chomhaontuithe Cobhsaíochta Seirbhíse Poiblí", atá le réiteach mar chuid den Chomhaontú seo agus táthar le dul i ngleic leo agus iad a chur i bhfeidhm mar seo a leanas.

## 4.1 Ragobair agus préimheanna

4.1.1 Le héifeacht ón 1 Iúil 2021, déanfar íocaíochtaí ragoibre agus íocaíochtaí préimheanna a ndéanann ailt 2.13 agus 2.17 de Chomhaontú Bhóthar Haddington difear dóibh, a athshlánú go hiomlán go dtí an íocaíocht sin a bhí i gceist roimh Iúil 2013.

4.1.2 Comhaontaíonn na páirtithe go mbainisteofar aon chostais a eascraíonn as leachtú na mbeart ráta ragoibre laistigh de bhuiséid ragoibre a leithdháiltear agus geallann siad chun idirchaidreamh a dhéanamh láithreach lena chinntiú go ndéantar na socruithe riachtanacha a chur in iúl ar bhealach tráthúil trí chiorclán ábhartha.

## 4.2 Uaireanta oibre breise

4.2.1 Bunófar comhaontú neamhspleách faoi dheireadh Mhárta 2021 chun measúnú a dhéanamh ar an tsaincheist seo a bhaineann le Comhaontú Bhóthar Haddington agus moltaí cuí a dhéanamh a chuirfear i bhfeidhm go cothrom i measc na ngrád, na ngrúpaí, na gcatagóirí agus na n-earnálacha uile a ndéantar difear dóibh. Déanfaidh an comhlacht aighneachtaí a rinne na páirtithe leis an gComhaontú seo a bhreithniú agus a chur san áireamh go hiomlán agus beidh dualgas orthu tuairisciú a dhéanamh faoi dheireadh 2021. Déanfaidh an comhlacht breithniú ar an méid seo a leanas mar chuid den phróiseas breithnithe:

- An comhthéacs do na bearta pá agus táirgiúlachta laistigh de Chomhaontú Bhóthar Haddington.
- Cainníochtú agus fíorú na n-uaireanta breise a d'oibríodh faoi ghrád, grúpa agus earnáil Chomhaontú Bhóthar Haddington.
- Aon chostais ghaolmhara maidir le meicníochtaí féideartha athsholáthair, e.g. athruithe uainchláir, bearta táirgiúlachta, earcaíocht, íocaíochtaí ragoibre/préimheanna, soláthar foirne gníomhaireachta.
- Na himpleachtaí oibríochtúla, soláthair seirbhíse agus riaracháin a bhaineann le haon laghdú ar riachtanais oibre san uair, comhréir na n-uaireanta san áireamh a thacaíonn le soláthar seirbhíse díreach i gcomparáid leo siúd a chuireann seirbhísí indíreacha ar fáil.

- An bealach inar chuir uaireanta breise le téarmaí agus coinníollacha seirbhíse poiblí níos caighdeánaithe.

- Foráil uaireanta breise Chomhaontú Bhóthar Haddington a chur i bhfeidhm ar bhealach éagsúil.

- Roinnteoirí ábhartha ragoibre.

4.2.2 Cuirfear tús le moltaí an chomhlachta laistigh de shaolré an Chomhaontaithe seo. Ina thaobh seo, lena chumasú moltaí a thosú i rith 2022, cuirfear suim €150 milliún ar fáil ar fhoilsiú na Tuarascála, faoin gComhaontú seo i measc na ngrád, na ngrúpaí, na gcatagóirí agus na n-earnálacha go léir a ndéantar difear dóibh. I gcomhthéacs meastacháin 2023, agus aird ar na hacmhainní atá ar fáil, glacfaidh na páirtithe leis an gComhaontú seo páirt réamhghníomhach ar fhoilsiú na Tuarascála seo maidir leis na forálacha siúd is riachtanach chun aon mholtaí eile a thabhairt isteach.

4.2.3 Tá gach páirtí tiomanta go hiomlán don phróiseas seo, agus braitheann an próiseas agus an soláthar air go gcloíonn na páirtithe le forálacha Chaibidil 5.

## 4.3 Múinteoirí nua iontrálaí

4.3.1 Comhaontaíonn na páirtithe leis, mar chonclúid deiridh leis na socruithe a cuireadh i bhfeidhm i Meán Fómhair 2018 mar chuid de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí, 2018-2020, go gcuirfear na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun na saincheisteanna scála tuarastail eile a réiteach ina n-iomláine a bhaineann leis na múinteoirí nua iontrálaí.

4.3.2 Déanfar múinteoirí nua iontrálaí a earcaíodh ón 1 Eanáir 2011 ar aghaidh, i ndiaidh dul chun cinn go dtí 11 den scála tuarastail múinteoireachta a dhéanamh, a aistriú ar a gcéad dáta breisíochta eile go dtí pointe 13.

4.3.3 Déanfar múinteoirí nua iontrálaí a earcaíodh ón 1 Eanáir 2011 ar aghaidh, a bhain pointe 12 nó níos airde ar an scála tuarastail múinteoireachta amach cheana féin, a aistriú pointe amháin níos airde ná mar a dhéanfaidís agus gnáthdhul chun cinn á dhéanamh acu, ar dháta a gcéad breisíochta eile i ndiaidh tús a chur leis an gComhaontú.

# 5. Easaontuithe a réiteach agus síocháin thionsclaíoch a chinntiú

## 5.1 Prionsabail threoracha

5.1.1 Tá na páirtithe tiomanta do chinntiú go ndéileáiltear le fadhbanna maidir le ceisteanna atá cumhdaithe ag an gComhaontú, sa chás go dtagann siad aníos, ar bhealach éifeachtach agus tráthúil agus chun páirt a ghlacadh sna nósanna imeachta réitigh díospóide a leagtar amach sa Chaibidil seo.

5.1.2 Nuair a thagann díospóidí aníos, beidh siad faoi réir tréimhse íosta 6 seachtaine ina ndéanfar idirchaidreamh déthaobhach tosaigh idir na páirtithe leis an díospóid.

5.1.3 Ina leith seo, athdhearbhaíonn na páirtithe a ngealltanais faoi chomhaontuithe seirbhíse poiblí roimhe seo, faoi mar a rinneadh le déanaí in alt 7.1.2 de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020, a leagann dualgas ar gach páirtí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An tábhacht a aithint a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch cobhsaí agus chun timpeallacht dhea-bhainistithe caidrimh thionsclaíoch a choimeád.
- A chinntiú go bhfuil cainéil dhea-fhorbartha chumarsáide acu.
- Tabhairt faoi fhadhbanna a réiteach sula ndéantar díospóidí tionsclaíocha díobh.
- Easaontuithe a réiteach go pras sa chás go dtagann siad aníos.
- Comhoibriú le hathrú a chur i bhfeidhm ar feitheamh thoradh an phróisis chaidrimh thionsclaíoch faoina dtugtar ar bhealach tráthúil.

## 5.2 Rannpháirtíocht áitiúil

5.2.1 Mura réitíonn an próiseas fiosraithe éigeantach a leagtar amach in 5.1.2 an cheist, déanfaidh an Comhlacht Maoirseachta Earnála nó an fóram comhionann um chur i bhfeidhm agus tuairiscithe breithniú ar dhíospóidí nó iad a chlárú ansin.

5.2.2 Ba cheart do na meicníochtaí siúd a lorg chun díospóidí a réiteach ar leibhéal áitiúil a mhéid agus is féidir trí rannpháirtíocht rialta agus réamhghníomhach de réir mar a thagann saincheisteanna aníos.

5.2.3 Nuair nach réitítear an cheist tríd an meicníocht ábhartha earnála, is féidir le ceachtar páirtí an cheist a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO) nó, sa chás gur cuí, faoi bhráid na meicníochta eadrána agus idir-réitigh, chun go ndéanfar eadráin air (seachas sa chás a dtugtar cuntas air ag 5.2.6).

5.2.4 Comhaontaíonn na páirtithe chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpróiseas idir-réitigh sin agus é a thabhairt chun críche.

5.2.5 Murach go bhfuil an cheist réitithe ar chríochnú obair mheicníochta an CCÁO nó na meicníochta Idir-Réitigh, leanfaidh sé ar aghaidh go dtí Grúpa an Chomhaontaithe Seirbhíse (seachas sa chás a dtugtar cuntas air ag 5.2.7).

5.2.6 Nuair a chomhaontaíonn an dá pháirtí leis go mbaineann an cheist atá mar ábhar díospóide le forálacha an Chomhaontaithe seo a léirthuiscint, is féidir leis leanúint ar aghaidh go díreach go dtí Grúpa an Chomhaontaithe Seirbhíse Poiblí i ndiaidh an idirchaidrimh thosaigh dhéthaobhaigh.

5.2.7 Nuair a chomhaontaíonn an dá pháirtí gur féidir a mheas gur mioncheist atá i gceist le ceist agus nach sáraíonn sé an Comhaontú, is féidir é a sheoladh ar aghaidh go háit eile le haghaidh eadrána agus cuirfidh seo an próiseas i gcrích.

## 5.3 Grúpa an Chomhaontaithe Seirbhíse Poiblí

5.3.1 Beidh líonta comhionanna d'ionadaithe fostaithe i nGrúpa an Chomhaontaithe Seirbhíse Poiblí (GCSP) a ainmníonn Comhdháil na gCeardchumann; ionadaithe fostóirí seirbhíse poiblí a ainmníonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; agus Cathaoirleach neamhspleách a cheapann an Rialtas i ndiaidh dul i gcomhairle leis na páirtithe.

5.3.2 Beidh an teacht céanna ag na cumainn agus na ceardchumainn uile a dhéanann ionadaíocht don fhoireann ar GCSP agus tabharfar deis iomlán dóibh ionadaíocht a dhéanamh dá mbaill nuair a thagann díospóid a bhaineann leo aníos.

5.3.3 Oibreoidh an Grúpa go réamhghníomhach chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Dul i ngleic le haon aimhrialtachtaí a d'fhéadfadh teacht chun solais faoin gComhaontú seo.
- Dul i ngleic le heasaontuithe nó fadhbanna nár réitíodh trí na próisis a leagtar amach ag 5.1 agus 5.2.
- Cinneadh a dhéanamh ar cé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar cinneadh ar dhíospóid i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa Chomhaontú.
- Cinneadh a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann le hoibriú ceart nósanna imeachta réitigh díospóide.
- Breithniú a dhéanamh sa chás go dtagann díospóid aníos maidir le comhlíonadh fhorálacha seachfhoinsithe an Chomhaontaithe seo.

5.3.4 Déanfaidh GCSP breithniú ar cheisteanna a seolann na páirtithe ar aghaidh sa chéad ásc, agus is féidir leis an méid seo a leanas a dhéanamh ina dhiaidh sin:

- Moladh a dhéanamh do na páirtithe maidir leis an díospóid, agus d'fhéadfaí a áireamh leis an gá atá le plé breise a dhéanamh trí idir-réiteach a atosú.
- An cheist a shannadh do Chomh-Ghrúpa Athbhreithnithe. Is éard a bheidh sna Comh-Ghrúpaí Athbhreithnithe 2 ionadaí fostaithe agus 2 ionadaí bainistíochta agus 1 ionadaí ón disciplín ábhartha ar an dá thaobh. Déanfaidh an Comh-Ghrúpa Athbhreithnithe measúnú ar

staid na bpáirtithe agus déanfaidh sé iarracht chun cabhrú laistigh de théarmaí an Chomhaontaithe agus laistigh de na paraiméadair a leag GCSP amach. Cuirtear an cheist faoi bhráid GCSP ina dhiaidh seo chun breithniú a dhéanamh air.

- Ceisteanna lena mbaineann tábhacht straitéiseach nó náisiúnta, a bhfuil impleachtaí suntasacha acu don Chomhaontú, a chur faoi bhráid an Chomhlachta Thríthaobhaigh um Chur i bhFeidhm chun plé agus cinneadh a dhéanamh fúthu.

## 5.4 An Comhlacht Tríthaobhach um Chur i bhFeidhm

5.4.1 Beidh ionadaí amháin fostóirí, a ainmníonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe thar ceann fostóirí seirbhíse poiblí; ionadaí amháin fostaithe, a ainmníonn Comhdháil na gCeardchumann; agus Cathaoirleach neamhspleách a cheapann an Rialtas sa Chomhlacht Tríthaobhach um Chur i bhFeidhm (an CTCF).

5.4.2 Ní bheidh an CTFC freagrach ach as ceisteanna lena mbaineann tábhacht straitéiseach nó náisiúnta i dtaca leis an gComhaontú seo a chur i bhfeidhm agus a léirthuiscint.

5.4.3 Rachaidh an CTFC i gcomhairle leis na páirtithe de réir mar a shíleann sé is oiriúnach agus déanfaidh sé moladh chun an cheist a réiteach.

## 5.5 Comhlíonadh

5.5.1 Riachtanas ríthábhachtach den Chomhaontú seo is ea síocháin thionsclaíoch a sholáthar. Dá réir, cuirtear cosc ar gach foirm de ghníomhaíocht thionsclaíoch i dtaca le haon cheisteanna a bhaineann le luach saothair nó aon cheist atá cumhdaithe ag an gComhaontú seo.

5.5.2 Comhaontaíonn na páirtithe chun idirchaidreamh agus comhoibriú iomlán a dhéanamh leis na próisis a leagtar amach ag 5.1 go 5.4 thuas, idirchaidreamh díreach idir na páirtithe ar feadh tréimhse thosaigh 6 seachtaine, breithniú a dhéanann an Comhlacht Maoirseachta Earnála nó a chomhionann, idir-réiteach trí thríú páirtí, agus aon chinneadh a dhéanann GCSP ina dhiaidh sin, atreorú agus breithniú a dhéanann an CTFC san áireamh ar an gceist.

5.5.3 Comhaontaíonn na páirtithe leis, d’ainneoin go bhfuil an ceart acu i gcónaí chun teacht a bheith acu ar an gCúirt Oibreachais/Scéim Idir-Réitigh, ní dhéanfar é seo ach i ndiaidh go ndeachthas i mbun na bpróiseas thuas.

Nuair is é teacht a bheith ar an Scéim an mheicníocht chuí, cuirfidh an CTFC a dhearcadh ar fáil ar an Scéim.

Nuair is é rochtain ar an gCúirt Oibreachais an mheicníocht chuí, fillfidh na páirtithe ar idir-réiteach ag an CCÁO. Má theastaíonn atreorú go dtí an Chúirt, cuirfear dearcadh an CTFC agus aon ábhar eile a mheasann an Coimisiún is cuí ar fáil don Chúirt. Nuair a rinne an Chúirt Oibreachais nó an Scéim moladh i dtaca leis an gceist, tá an próiseas tugtha chun críche.

5.5.4 Ní bhainfidh ach na fostaithe siúd a ndéanann ceardchumainn atá mar bhaill de Chomhdháil na gCeardchumann nó ceardchumainn nó cumainn ionadaíocha eile a thug fógra don CCÁO go bhfuil sé ar intinn acu an Comhaontú a chomhlíonadh, tairbhe as an gComhaontú.

5.5.5 Nuair a theipeann ar an gceardchumann nó an cumann sin cloí le forálacha an Chomhaontaithe, ní bhainfidh tairbhí an Chomhaontaithe leis an gcohórt ábhartha foirne ina dhiaidh sin.

5.5.6 Réamhriachtanas chun tairbhí an Chomhaontaithe seo a bhaint a bheidh i gcomhoibriú le tionscnaimh leanúnacha athraithe agus athchóirithe san ionad oibre, iad siúd ina measc a leagtar amach i gCaibidil 1.

## 5.6 Éilimh Mhéadaithe Costais ar Bith

5.6.1 Comhaontaíonn na páirtithe nach ndéanfar aon éilimh mhéadaithe costais ar fheabhsúcháin ar phá nó ar choinníollacha fostaíochta ag comhlachais cheardchumainn, an Gharda Síochána agus Óglaigh na hÉireann, nó ag fostaithe i rith thréimhse an Chomhaontaithe.

## 5.7 Athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhaontú

5.7.1 Dearbhaíonn na páirtithe nach ndéanfar athphlé ar phá agus pinsin seirbhíse poiblí agus aon saincheisteanna gaolmhara i gcaitheamh shaolré an Chomhaontaithe seo, seachas nuair is gá athphlé a dhéanamh ar na toimhdí a bhaineann leis an gComhaontú seo. Faoi na cúinsí siúd, geallann na páirtithe chun idirchaidreamh a dhéanamh roimh ré.

# AGUISÍN: Príomhghnéithe chlár athchóirithe an Rialtais

**Seirbhís Phoiblí agus an Státseirbhís –** an Straitéis Nuálaíochta Seirbhíse Poiblí; Plean Athnuachana na Státseirbhíse; Straitéis na nDaoine don Státseirbhís; agus Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí.

**An Earnáil Oideachais** – An Straitéis Oideachais 2021-2023; Pleananna Gníomhaíochta bliantúla don Oideachas agus straitéisí agus forbairtí, athchóiriú curaclaim agus measúnaithe a bhuntacaíonn leis, curaclam na Bunscoile; athchóiriú leanúnach na Sraithe Sóisearaí, agus athchóiriú na Sraithe Sinsearaí laistigh de Scoileanna; an Straitéis Náisiúnta um Fheabhsú na Litearthachta agus na hUimhearthachta (2011 go 2020); an Straitéis Dhigiteach; an Straitéis Oideachais Gaeltachta; an Ráiteas Beartais Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM) 2017-2026; an Straitéis Nuatheangacha Iasachta "Languages Connect" 2017-2026; agus an Straitéis ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe.

**An Earnáil Ardoideachais agus Bhreisoideachais –** an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna; an Plean Gníomhaíochta um Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna a Fhairsingiú in Éirinn 2016-2020 agus an plean a thiocfaidh i bhfeidhm ina dhiaidh; an the Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025; an Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030; Tuarascáil Líonra Taighde na hOllscoile Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath 2019; agus an Straitéis Náisiúnta um Fheabhsú na Litearthachta agus na hUimhearthachta (2011 go 2020).

**An Earnáil Rialtais Áitiúil –** tiomantas d'athrú agus d'athchóiriú leanúnach a dhéanamh ar na seirbhísí dóiteáin coimeádta agus lánaimseartha i gcomhairle le téarmaí tagartha an Ghrúpa um Chur i bhFeidhm agus Maoirseachta Náisiúnta ar Sheirbhísí Dóiteáin (FSNOIG); an próiseas idirchaidrimh maidir le hUisce Éireann a chlaochlú i gcomhairle le téarmaí tagartha Ghrúpa Comhairliúcháin Uisce Éireann (GCUÉ); agus na seirbhíse leabharlainne.

**An Earnáil Sláinte –** fís chúraim sláinte uilíoch Sláintecare a chur i bhfeidhm go leanúnach; an tAthbhreithniú Acmhainne 2018 agus athchóirithe móra eile sláinte faoi mar a chinneann an Rialtas, athchóirithe struchtúracha san áireamh; an Creat um Sholáthar Foirne Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna a chur i bhfeidhm go leanúnach; moltaí Choiste COVID-19 an Oireachtais, faoi mar is féidir leis an Rialtas a thabhairt chun cinn; agus straitéisí náisiúnta agus beartais sláinte atá in ainm is tacú le córas sláinte aon sraithe, cúram ardchaighdeáin agus comhtháite chun torthaí sláinte a uasmhéadú agus feabhas a chur ar shláinte agus folláine mhuintir na hÉireann.

**An Earnáil Cheartais –** is é *Seirbhís Phóilíneachta dár dTodhchaí* (APSFF) an plean uile-Rialtais chun Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn a chur i bhfeidhm; Tuarascáil inar tugadh cuntas ar fhís agus treochlár soiléir chun an Garda Síochána agus an creat náisiúnta póilíneachta, slándála agus sábháilteachta pobail níos fairsinge a neartú. Plean beo é an APSFF atá á chur i bhfeidhm i measc 4 chéim: *Bloic Thógála, Seoladh, Scálú,* agus *Comhdhlúthú*. Cuireadh tús leis an tríú céim den chur i bhfeidhm – *Céim an Scálaithe* – i Ráithe 4 2020. Athchóirithe leanúnacha leis an tSeirbhís Chúirteanna agus athchóirithe i dtaobh seirbhísí inimirceach a sholáthar, straitéisí TFC nua agus atá ag teacht chun cinn a fhorbairt ina measc sin.

**Seirbhís Phríosúin na hÉireann –** Plean Straitéiseach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2019-2022; cuairteanna a thugann daoine muinteartha agus teacht i láthair cúirte a éascú tríd an teicneolaíocht

dhigiteach; aistriú go dtí modhanna íocaíochta leictreonacha agus Pleanáil Bainistíochta Córais a leabú – córas oibre níos sábháilte.

**An Earnáil Chosanta –** tionscnaimh leanúnacha athchóirithe, nuachóirithe agus claochlaithe, tionscnaimh ina measc a bhaineann leis an bPáipéar Bán ar Chosaint, 2015 agus aon mholtaí a cheadaíonn an Rialtas a chur i bhfeidhm a eascraíonn as an gCoimisiún um na Fórsaí Cosanta.